

Oideachas Sóisialta agus Imshaoil	Cruinniú 7 – an 27 Meán Fómhair 2023
Mír ar an gClár	Nótaí
1. Fáilte, Leithscéalta, Miontuairiscí, Clár	Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an meitheal chuig an gcruinniú agus glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach. Tugadh cuireadh do bhall nua chun páirt a ghlacadh sa ghrúpa mar ainmní ó Oide. Cuireadh nuashonruithe ar fáil d’imeachtaí atá le teacht do pháirtithe leasmhara CNCM.
2. Príomhchoincheapa atá mar bhonn faoi Oideachas Sóisialta agus Imshaoil <i>‘Ag Obair mar Thíreolaí’ agus ‘Ag Obair mar Staráí’</i>	Is iad Dr Anne Dolan, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach agus Dr Caitríona Ní Cassaithe, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chuir na príomhchoincheapa féideartha i láthair, ‘Ag Obair mar Thíreolaí’ agus ‘Ag Obair mar Staráí, mar bhonn faoin bhfoghlaim in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI). Chuir baill an ghrúpa fáilte roimh phlé agus aiseolas.
3. Athbhreithniú ar na dréacht-‘Aidhmeanna’ le haghaidh OSI	Plé agus aiseolas faoi na dréacht-Aidhmeanna do OSI.
4. Athbhreithniú ar na ‘dréacht-Torthaí Foghlama’ de Chéim 1 agus de Chéim 2 le haghaidh OSI	Gníomhaíocht cheardlainne ina bpléitear na snáitheanna beartaithe le haghaidh OSI agus le haghaidh na ndrúcht-Torthaí Foghlama (comhtháite go hiomlán) le haghaidh Chéim 1 agus Chéim 2 (Na Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó).
5. Turas Leabharlann Chester Beatty	Cur i láthair a mhaireann 60 nóiméad le Jenny Siung, Ceann Oideachais ag Chester Beatty lena n-áirítear turas gairid thart ar an leabharlann chun na ceangail leis an réimse curaclaim OSI a léiriú, ceangail atá de dhlúth i dtaispeántais an mhúsaeim.
6. Riarachán agus Aon Ghnó Eile	Tionólfar an chéad chruinniú eile de Mheitheal Forbartha OSI ar an 26 Deireadh Fómhair 2023.